



**MUSTANG**
Deniz Gamze Ergüven
An Fhrainc, an Ghearmáin, an Tuirc, Catar

LUX
FILM PRIZE
TÁ PARLAIMINT NA hEORPA
TIOMANTA DO CHULTÚR


Parlaimint na hEorpa

# MUSTANG

## DENIZ GAMZE ERGÜVEN


Is é tús an tsamhraidh é. Is deirfiúracha iad Lale, Nur, Ece, Selma agus Sonay atá chomh mór le chéile agus atá gearrán bán le coca féir. I sráidbhaile i dtuaisceart na Tuirce, tá an cúigear deirfiúracha ag teacht ar ais ón scoil agus iad ag súgradh go saonta leis na buachaillí. D'eascair scannal gan choinne as an mímhoráltacht a mheas daoine eile a bhí ag baint leis an spraoi a bhí acu. Diaidh ar ndiaidh, déantar príosúnaigh ina mbaile féin de na cailíní; ceachtanna tís atá anois ann in áit na scoile agus eagraítear cleamhnas dóibh. Leis an mian chun saoirse á spreagadh, beireann an cúigear deirfiúracha bua ar na constaicí go léir a cuirtear os a gcomhair amach.









## CÚLRA: AN DÍ-EAGLAISEACHAS, AN PHATRARCACHT, COMHIONANNAS INSCNE AGUS MEASCÁN DÚSHLÁNACH DE LUACHANNA MORÁLTA

Sa scannán seo leis an stiúrthóir Deniz Gamze Ergüven, cuirtear béim ar leith ar an gcaoi a n-athraíonn saol na gcailíní óga ó shaol spraíúil a bheith acu nó go gcoinnítear gaibhnithe istigh sa bhaile iad, ach ní mór a thuiscint gur cás as cuimse agus eisceachtúil é sin seachas é a bheith ina léiriú ar an staid ghinearálta sa Tuirc. Go deimhin, tá an tír sin lán de chodarsnachtaí. Cé gur tugadh an ceart vótála sna toghcháin náisiúnta do na mná i 1934, i bhfad níos luaithe ná go leor tíortha eile san Eoraip, is go mór sa mhionlach atá ionadaíocht na mban ó thaobh cúrsaí polaitiúla de. Gafa idir fuascailt na mban a tháinig isteach leis an Stát tuata a bunaíodh ag tús an 20ú haois agus an traidisiún patrarcach a bhí fréamhaithe go domhain sa tsochaí, ghlac an Tuirc cód sibhialta nua in 2001 a thugann comhionannas do mhná sna réimsí uile. Ag an am céanna, tá níos mó cumhachta á bailiú ag páirtithe polaitiúla nua a bhfuil dearcadh níos reiligiúnaí acu, go háirithe AKP (Páirtí an Cheartais agus na Forbartha). Tá dearcadh i bhfad níos traidisiúnta acu i dtaca le háit na mban sa tsochaí.



Sa scannán seo, cuireann Deniz Gamze Ergüven an chodarsnacht atá beagán scitsifréineach atá tagtha chun cinn i sochaí na Tuirce (go háirithe idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe, agus idir an cheannchathair agus na cúigí) in iúl dúinn go héifeachtach. Déanann sí iarracht cómhaireachtáil theannasach sa dá shaol éagsúil ag a bhfuil luachanna morálta difriúla a chruthú chomh inchreidte agus láidir agus is féidir léi. Agus cé nach móide gur gnáth-theaghlach Turcach an mórtheaghlach de chúigear deirfiúracha mar aon lena seanmháthair, a n-uncail agus a n-aintíní sa scannán seo, mar sin féin ceistítear sa scéal seo, agus gan fiacail a chur ann, stádas na mban sna sochaithe traidisiúnta. Tugann an scannán seo saincheist mhór chun solais atá, i measc rudaí eile, ina choinníoll atá le comhlíonadh ag tíortha atá ag iarraidh a bheith ina mBallstát den Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, is bunaithe ar an ngné thábhachtach sin a dhéanfar bunús na hanailíse anseo.



## IMEACHT ÓN SAOL RÉADÚIL

Cé go bhfaigheann *Mustang* inspioráid ón saol réadúil, níl an cur síos a thugtar bunaithe go huile is go hiomlán ar chúrsaí réadúla mar atá siad. Tarraingíonn an teideal (ainm a thugtar ar chapall fiáin) ár n-aird láithreach ar eachtra a tharlaíonn i gcuid den scéal, is é sin mar a thagann don chapall fiáin a bheith mar chur síos siombalach ar an gcúigear déagóirí, go háirithe Lale. Tá íomhá seo an chapaill fhiáin le fáil freisin ar leibhéal an chur i láthair, mar a léirítear í mar shampla sa chodarsnacht dearcaí idir dhá chineál carachtar (na deirfiúracha, ar láimh amháin, agus an t-uncail Erol ar an láimh eile), agus freisin san aighneas a éiríonn níos measa eatarthu ach a chríochnaíonn le cor siombalach dúbailte sa scéal. Ar deireadh thiar, faightear faoiseamh ó atmaisféar gruama an scannáin le giotaí beaga greannmhara, a thugann an deis don lucht féachána seasamh siar beagán ó na heachtraí drámatúla atá ar siúl.

## DLÚTHGHAOL IDIR AN CÚIGEAR DEIRFIÚRACHA

Is féidir linn a rá go bhfuil dlúthghaol idir na deirfiúracha agus go bhfeidhmíonn siad, ar shlí amháin nó ar shlí eile, mar aonad amháin. Má tharlaíonn aon ní do dhuine de na deirfiúracha, rachaidh sé i bhfeidhm ar an gcuid eile.

Ach in ainneoin dlúthbhaint mar seo a bheith acu le chéile, feictear go bhfuil carachtar na gcailíní óga ag forbairt de réir a chéile ar bhealach atá éagsúil óna chéile. Is í Lale, an cailín is óige, is mó atá mar shiombail le haghaidh saoirse agus is í a chuireann tús leis an éirí amach, ach tá bealaí éagsúla eile, amanna atá i gcodarsnacht lena chéile, ag a cuid deifiúracha chun déileáil leis an gcinniúint atá i ndán dóibh. Cé go seasann Sonay in aghaidh toil a seanmháthar nuair a dhiúltaíonn sí don chleamhnas agus gurb í an t-aon duine den chúigear í a bheidh in ann an fear a bhfuil sí i ngrá leis a phósadh (éiríonn léi roinnt ama a chaitheamh i gcaidreamh rómánsúil dílis a mbeidh glacadh ag a muintir leis má phósann siad láithreach), feicimid go bhfuil Selma cosúil lena lán ban a tógadh sna sochaithe patrarcacha, mar go nglacann sise go humhal leis an tsochaí ina bhfuil sí agus le pósadh nár theastaigh uaithi a dhéanamh.

## ATHRÁ

Is é bunábhar an scannáin a mhúsclaíonn spéis an lucht féachana ná an chodarsnacht dearcaí idir an t-uncail agus na neachtanna, rud a thagann chun cinn le sraith d'eachtraí a ndéantar athrá orthu ach le hathruithe beaga ó cheann go chéile agus gach ceann de na heachtraí sin ag cur leis an gceann roimhe.

## AN COR SA SCÉAL

Méadú leanúnach an aighnis idir an t-uncail Erol (an phearsa lena léirítear an t-ord patrarcach) agus Lale (an phearsa a chuireann in aghaidh an oird sin), cruthaíonn sé teannas drámatúil atá ag síorardú agus a chríochnaíonn ag deireadh an scannáin le cor sa scéal nach raibh coinne leis. Tá Erol gafa ag a ghaiste féin sa mhéid is nach féidir leis dul isteach sa teach atá daingnithe mar phríosún aige, agus mar pharadacsa tá an teach príosúnda seo anois ina thearmann ag na cailíní óga agus is é a chuidíonn leo a saoirse a bhaint amach.

Leis an gcor seo sa scéal, ceadaítear saoirse cainte: Go dtí an pointe seo, is duine suaimhneach comhoibritheach í Nur ach ansin, stróiceann sí a gúna as a céile agus caitheann sí na píosaí amach tríd an bhfuinneog; í ag béicíl go gcuirfidh sí fios ar na póilíní agus go n-inseoidh sí gach rud dóibh. Cé gur cailín óg í, is léir ón dearcadh atá aici go dtuigeann sí go rímhaith go bhfuil na nithe a rinne a muintir i gcoinne na gcailíní óga in aghaidh an dlí, amhail an pósadh éigeantach, iad a choinneáil ón scoil nó an foréigean den uile chineál a imríodh orthu. I gcomhthéacs *Mustang*, cuireann an cor siombalach seo béim ar an leibhéal polaitiúil de scéal ina ndéantar cáineadh soiléir ar shochaí ina bhfuil gach uile dhuine ceaptha a bheith comhionann lena chéile ó thaobh an dlí de ach nach é sin an cás i ndáiríre.


## CÓIMHEÁ


An cor sa scéal, arb é buaic an scannáin é, athraíonn sé an t-atmaisféar ar bhealach an-soiléir. Cé gurb é an teannas méadaitheach drámatúil príomhthréith an chur i láthair, is é an faoiseamh — agus an gáire fiú — a bheireann bua anois. Mar sin féin, bhí na heilimintí greannmhara ann síos tríd an scannán cé go raibh siad scartha óna chéile b'fhéidir.

Is é an grúpa ban, agus iad i gcomhluadar na seanmháthar, a chruthaíonn formhór na n-eachtraí greannmhara. Ag dul anonn agus anall idir na tradisiúin phatrarcacha agus dlúthpháirtíocht cheanúil leis na cailíní óga, tá na mná níos sine idir dhá chomhairle an t-am ar fad. Fiú agus go bhfuil an tseanmháthair ag súil le hiompar den scoth agus le "hurraim" óna gariníonacha, téann sí i gcoinne údarás iomarcach Erol agus ceileann sí míghníomhartha na gcailíní air nó cuireann sí an milleán ar a mac.

Ach is í an eachtra is greannmhaire sa scannán ná an eachtra a tharlaíonn sa sráidbhaile agus an cúigear cailíní imithe go dtí an cluiche peile. Nuair a fheiceann an tseanmháthair a gariníonacha ar an teilifís, titeann sí i bhfanntais. Toisc go bhfuil eagla ar an aintín Emine go bhfeicfidh na fir an rud céanna, faigheann sí casúr chun smidiríní a dhéanamh den bhosca soláthair leictreachais. Nuair a fhaigheann na fir amach nach bhfuil an leictreachas gearrtha amach sa chuid eile den sráidbhaile, ní dhéanann sí ach iompú ar a sáil agus aghaidh dhíreach a thabhairt ar an bpiolón. Tosaíonn sí ag gabháil ar bharr an phiolóin nó go dtarlaíonn an phléasc dhamáisteach a fhágann an ceantar iomlán faoi dhorchadas. Maidir leis an teannas ollmhór a ghabhann leis an bhféidearthacht go bhfaighidh Erol amach go raibh a chuid neachtanna bailithe leo, cailltear an ghné dhrámatúil a bhaineann leis an teannas sin mar gheall ar na heachtraí beagán dochreidte seo atá ar siúl i ngan fhios do na fir. Agus as seo amach, taibhsítear dúinn iad mar dhream a bhfuarthas an ceann is fearr orthu agus a bhfuil, go siombalach, an t-ollchumhacht caillte acu.

Agus arís is é an t-uncail atá ina cheap magaidh ag deireadh an scannáin nuair a bhíonn Nur agus Lale in ann é a choinneáil amach as an teach "príosúnda" a chóirigh sé é féin chun iad a choimeád faoi ghlas. Radharc é seo a chothaíonn teannas an-mhór mar nach féidir leis an uncail, ar dealraitheach é a bheith líofa ar mharú a dhéanamh (nó foréigean a imirt), dul isteach sa teach ar ais nó ar éigean, ach ó tharla é go bhfuil sé gafa anois ina ghaiste féin, tugtar cor in aghaidh an chaim dó agus cruthaíonn an méid sin greann agus músclaíonn sé suim an lucht féachana.









## ÁBHAR MACHNAIMH
## MAR A LÉIRÍTEAR SOCHAITHE ÉAGSÚLA

Sa scannán *Mustang*, déanann Deniz Gamze Ergüven trácht ar an mbearna idir an saol poiblí atá ceangailte leis an nua-aimsearthacht agus an saol príobháideach atá á rialú ag luachanna traidisiúnta na sochaí patrarcaí. An bhfeiceann tú an bhearna seo inár sochaithe chomh maith?

Vinciane Fonck

les grignoux



**STIÚRTHÓIR** Deniz Gamze Ergüven
**SCRIPT** Deniz Gamze Ergüven, Alice Winocour
**AISTEOIRÍ** Güneş Nezihe Şensoy, Elit Iscan, Doğa Zeynep Doğuşlu, Tugba Sunguroglu, Ilayda Akdogan, Nihal G. Koldas, Ayberk Pekcan
**CINEAMATAGRAFAÍOCHT** David Chizallet, Ersin Gök
**CEOL** Warren Ellis
**LÉIRITHEOIR** Charles Gillibert
**COMHLÉIRITHEOIR** Frank Henschke
**LÉIRIÚCHÁN** CG Cinéma
**COMHLÉIRIÚ** Vistamar Filmproduktion
**BLIAIN** 2015
**FAD** 94 nóiméad
**SEÁNRA** Dráma
**TÍORTHA** An Fhrainc, an Ghearmáin, an Tuirc, Catar
**LEAGAN BUNAIDH** Tuircis



## ÁR SCÉALTA Á LÉIRIÚ TRÍ MHOTHÚCHÁN NA SCANNÁNAÍOCHTA

Is mór ag Parlaimint na hEorpa na trí scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE[1] 2015 a chur i láthair:

**MEDITERRANEA**, le Jonas Carpignano
An Iodáil, an Fhrainc, na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin, Catar

**MUSTANG**, le Deniz Gamze Ergüven
An Fhrainc, an Ghearmáin, an Tuirc, Catar

**UROK** *(THE LESSON)*, le Kristina Grozeva agus Petar Valchanov
An Bhulgáir, an Ghréig

Beidh na scéalta ilghnéitheacha seo, ar saothair iad a léiríonn an tiomantas agus an chruthaitheacht atá á léiriú ag stiúrthóirí tréitheacha óga scannán san Eoraip, le feiceáil le linn an 4ú eagrán de LUX FILM DAYS[2].

[1] Duais Scannánaíochta LUX.
[2] Laethanta Scannánaíochta LUX

## LUX FILM PRIZE

Tá ról bunúsach ag ár gcultúr sa chaoi a bhforbraímid an tsochaí ina mairimid. Á mheabhrú sin di, chuir Parlaimint na hEorpa tús le LUX FILM PRIZE (Duais Scannánaíochta LUX) in 2007 agus é mar aidhm leis an duais sin feabhas a chur ar scaipeadh scannán Eorpach ar fud na hEorpa agus díospóireacht agus plé ar mhór-shaincheisteanna na sochaí a spreagadh ar fud na hEorpa. Is tionscnamh ar leith é LUX FILM PRIZE. Ós rud é nach mbíonn an chuid is mó de na comhléiriúcháin Eorpacha le feiceáil ach amháin sa tír ina ndearnadh an scannán agus gur fíor-annamh a scaiptear in aon áit eile iad, fiú amháin laistigh de AE, is deis neamhchoitianta atá in LUX FILM PRIZE chun fotheidil a chur go 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar thrí scannán Eorpacha.

Caithfidh Feisirí Pharlaimint na hEorpa vóta chun buaiteoir LUX FILM PRIZE a roghnú agus an 25 Samhain 2015 fógrófar cé acu scannán a thug an chraobh leis.

## LUX FILM DAYS

Tháinig ann do LUX FILM DAYS (Laethanta Scannánaíochta LUX) de dhroim LUX FILM PRIZE. Ó 2012 i leith, tá teacht ag lucht féachana Eorpach níos mó ar na trí scannán atá san iomaíocht do LUX FILM PRIZE a bhuíochas do LUX FILM DAYS. Trí LUX FILM DAYS, tugtar cuireadh duit taitneamh a bhaint as eispéireas cultúrtha a thrasnaíonn teorainneacha agus a mhairfidh sa chuimhne. Ó Dheireadh Fómhair go dtí Nollaig 2015, beidh tú in ann a bheith rannpháirteach le dream as gach cearn den Eoraip ar mór acu scannáin agus beidh deis agat féachaint ar *Mediterranea*, *Mustang* agus *Urok (The Lesson)* i gceann de 24 theanga oifigiúla AE. Ná déan dearmad vóta a chaitheamh don scannán is fearr leat ar ár láithreán gréasáin luxprize.eu nó ar ár leathanach Facebook.

## AITHEANTAS POBAIL

Is é atá i gceist leis an Aitheantas Pobail ná gradam de chuid LUX FILM PRIZE atá bunaithe ar rogha an lucht féachana. Tapaigh an deis chun vótáil do *Meidterranea*, *Mustang* nó *Urok (The Lesson)*, agus cuirfear d'ainm isteach i gcomórtas chun freastal ar fhéile scannánaíochta idirnáisiúnta Karlovy Vary i mí Iúil 2016 — ar chuireadh ó Pharlaimint na hEorpa — agus buaiteoir an Aitheantais Pobail a fhógairt.

FÉACH,
PLÉIGH
& VÓTÁIL

@luxprize
#luxprize

LUX
PRIZE
.EU

QA-01-15-535-GA-N